# Cuntas Leithreasa 2017

## Vóta 20

## An Garda Síochána

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl. chun íoc as costais áirithe finnéithe, agus chun íoc as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna seo a leanas:

(a) Iad siúd arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.
(b) suimeanna arna gcur ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2017 as an leithreas ó 2016 nár caitheadh, faoi na socruithe maidir le géilleadh iarchurtha a cuireadh ar bun ag Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €5.29 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 chomh maith.

## Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse a saolré mheasta fhóinteach ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TF, agus i dtaca le troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile

- aerárthaí: 5% in aghaidh na bliana
- báid: 10% in aghaidh na bliana
- feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Gardaí faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le cuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Baintear úsáid as roinnt gabháltas ag an nGarda Síochána sa Teampall Mór le haghaidh úsáid na nGardaí faoi Oiliúint atá i mbun caitheamh aimsire. Tá An Garda Síochána ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí le cinntiú go n-aistreofar gach talamh go dtí úinéireacht an Stáit.

Is le hOifig na nOibreacha Poiblí gach réadmhaoin eile a bhaineann An Garda Síochána úsáid as, agus cuirtear an réadmhaoin sin san áireamh i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú sa Gharda Síochána. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Choimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid de na gnéithe seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnásanna foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- taifeadadh gnásanna maidir le gach próiseas barrthábhachtach gnólachta.
- is ann do chórais chun sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- gurb ann do chóras buiséadta cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- go ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta.

***Bainistíocht Riosca***

I 2015, críochnaíodh athbhreithniú cuimsitheach de chur chuige bainistíochta riosca an Gharda Síochána agus forbraíodh 'Cur Chuige Leasaithe i leith Bainistíocht Riosca' le cinntiú go leanann próisis bainistíocht riosca de bheith láidir agus de dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a leanúint. Tá an cur chuige athbhreithnithe ag teacht le beartais Rialtais, agus dearbhaítear é chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí corparáideacha, feidhmiúcháin agus áitiúla - a bhfuil tionchar acu ar bhaint amach chuspóirí na heagraíochta - de réir phleananna agus Ráiteas Straitéise na heagraíochta.

Cuireadh an 'Cur Chuige Leasaithe i leith Bainistíocht Riosca' i bhfeidhm ar 31 Márta 2017, ar tionscnamh Chéim 1 é faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021. Tugtar tacaíocht don tionscnamh ag Bord um Rialachas Riosca agus Polasaí, ag Aonad Bainistíochta Riosca tiomnaithe an Gharda Síochána, ag Líonra Seaimpíní Riosca, ag gnásanna agus polasaí leasaithe, ag suíomh tairsí agus ag doiciméid a bhaineann leis.

Ceapadh an Príomhoifigeach Riaracháin mar Phríomhoifigeach Riosca don Gharda Síochána agus mar chathaoirleach an Bhoird um Rialachas Riosca agus Polasaí. Cuimsíonn a ról rioscaí corparáideacha a aithint, bainistíocht riosca a chur chun cinn ar gach leibhéal, comhairle a thabhairt don Choimisinéir Gníomhach maidir le stádas agus éifeachtacht bhainistíochta riosca, agus tuairisc a thabhairt don Údarás Póilíneachta. I measc bhallraíocht an Bhoird um Rialtais Riosca agus Polasaí, tá roinnt Coimisinéirí Cúnta agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin. Ceanglaítear go gcruinníonn an Bord um Rialachas Riosca agus Polasaí ar a laghad uair amháin in aghaidh na ráithe. Thug An Garda Síochána faoi bhearta chun na rioscaí maidir le coinbhleachtaí leasa a mhaolú, rioscaí a d'fhéadfadh bheith ann mar gheall ar fhreastal an Phríomh Oifigeach Riaracháin ar Chruinnithe an Choiste Iniúchta ina ról mar bhall den Choiste Iniúchta.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Garda Síochána agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta de chuid Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte, go bhfeidhmítear na rialaithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Gharda Síochána.

***Soláthar***

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte, seachas i gcás 128 conradh ar a raibh luach €28,478,271 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

- Áiríodh le 30 conradh ar a raibh luach €5,696,651 íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe aonair agus le seirbhísí a bhain le slándáil.
- Síneadh 56 conradh ar a raibh luach €19,253,463 thar dháta an bhunchonartha gan soláthar iomaíoch, lena n-áirítear conarthaí le haghaidh acmhainní oilte TF. Tá tairiscintí le haghaidh na seirbhísí seo á bhforbairt agus fógrófar iad in 2018.
- Íocadh 21 conradh ar a raibh luach €2,275,531 i dtaca le seirbhísí leighis i gcomhréir le rátaí ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla. Tugadh faoi thairiscint iomaíoch do sheirbhísí leighis le tacaíocht na FSS. Measúnaíodh na tairiscintí agus tá na conarthaí anois sa chéim chur i bhfeidhm.
- Sna 21 cás eile ar a raibh luach €1,252,626, bhí socruithe áitiúla conartha i bhfeidhm i gcoinne treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe conraithe curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána cheana féin do roinnt de na soláthairtí seo agus tá sé ag dul i mbun beart chun tairiscintí a chur i bhfeidhm i 2018 don fhuílleach.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGarda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá roimh na nGarda Síochána i bhfeidhm ar a chuid oibre agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Rioscaí Suntasacha Airgeadais***

*Bainistíocht maoine agus fianaise*

Shainaithin Iniúchadh Inmheánach gurbh é bainistíocht, taifeadadh agus stóráil cheart maoine, idir fhianaiseach agus neamhfhianaiseach, ar ar ghlac an Garda Síochána seilbh, riosca airgeadais agus clú a tharla go minic. Tá an Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán Cuid 2 (PEMS2), córas nua rianaithe leictreonach a n-úsáidtear é chun maoine atá i gcoimeád na heagraíochta a bhainistiú, i bhfeidhm i ngach réigiún ó mhí na Samhna 2017.

*Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána*

Eascraíonn ró-íocaíocht tuarastal Gardaí agus sibhialtach den chuid is mó as tabhairt déanach fógra faoi shaoire bhreoiteachta/mháithreachais, faoi dhul ar scor, faoi éirí as nó briseadh as post agus faoi iarratais a thacaíonn le teaghlaigh do Lárionad na Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Go dtí seo, comhaontaíodh pleananna aisghabhála do 48% de phinsin ró-íoctha an Gharda Síochána agus do 51% de thuarastail ró-íoctha do Ghardaí agus do shibhialtaigh.

Tarlaíonn ró-íocaíocht phinsean Garda go príomha mar gheall ar íocaíocht phinsean roimh ré seachas i riaráiste de réir noirm na seirbhíse poiblí. D´iarr an Garda Síochána ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Ordú na bPinsean 1925 a leasú chun íocaíocht phinsin a éascú i riaráiste tar éis dul i gcomhairle le Cumainn an Gharda.

*Iniúchadh choláiste an Gharda Síochána*

Ba é tátal tuarascála iniúchta inmheánaí (Mí Feabhra 2017) gurbh ann do mhírialtachtaí suntasacha airgeadais i mbainistiú airgeadais Choláiste an Gharda Síochána le blianta fada anuas. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun tús a chur le cur i bhfeidhm na moltaí.

Rinne an tuarascáil naoi moladh déag chun comhlíonadh na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí a chinntiú. Ba é an chéad mholadh go gcuirfear gach moladh i bhfeidhm. Den ocht moladh déag atá fágtha, cuireadh 14 i bhfeidhm go hiomlán, tá cuid den obair déanta maidir le dhá cheann eile, agus baineann an dhá cheann atá fágtha leis an bhfoirceann de Sportsfield Company Ltd agus gach talamh a bhaineann le Sportsfield Ltd a aistriú go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Tá na ceisteanna seo á bplé go leanúnach leis an OOP.

Chomh maith leis na moltaí a chur i bhfeidhm, rinne an Garda Síochána nochtadh deonach do na Coimisinéirí Ioncaim agus tugadh socraíocht i leith CBL agus Sochair Chomhchineáil.

Tá cinnteacht réasúnach tugtha ag Iniúchta Inmheánaigh maidir le rialaithe airgeadais atá i bhfeidhm anois i gColáiste an Gharda Síochána.

*Ceisteanna faoin bhfógra muirear seasta agus faoin tástáil anála*

I Mí Mhárta 2017 thug An Garda Síochána eolas faoi ábhar imní maidir le riar na bhfógraí muirear seasta agus faoi thástálacha anála cois bóthair.

Maidir le fógraí muirear seasta d'aithin scrúdú a rinneadh ar 830,687 toghairm, a eisíodh idir an 1 Eanáir 2006 agus an 27 Bealtaine 2016, gur tugadh san iomlán 146,865 duine a rinne cion os comhair na cúirte go mícheart. I measc na dtoghairmeacha seo, bhí de thoradh ar 14,700 cás gur gearradh pionós ag na cúirteanna. Ghlac an Garda Síochána air féin, le toil an ghearánaí, achomharc a dhéanamh faoi na torthaí sin os comhair na Cúirte Cuarda. Ag brath ar chinneadh na Cúirte, aisíocfar aon fhíneáil a ghearrtar agus ceartófar gach taifead ábhartha. Go dtí seo, éiríodh leis an achomharc i 2,274 cás. Tá an próiseas achomhairc ag dul ar aghaidh go fóill.

Maidir le tástálacha anála, i Mí Mhárta 2017 d'aithin an Garda Síochána gurbh ann do neamhréiteach suntasach idir na sonraí a taifeadadh ar chóras ríomhaireachta an Garda Síochána (PULSE) do thástálacha anála cois bóthair le hais líon na dtástálacha anála a taifeadadh ar an ngléas a úsáidtear ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. D'aithin scrúdú an méid seo: ó Mhí Mheithimh 2009 go Mí Aibreáin 2017, taifeadadh 3,498,400 tástáil anála ar PULSE i gcomparáid le 2,040,179 tástáil a taifeadadh ar ghléasanna tástála Drager, ar úsáideadh iad chun na tastálacha a chur i bhfeidhm; is ionann é sin agus neamhréiteach de 1,458,221 tástáil anála.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh maidir le rialú in iúl dóibh siúd a bhfuil freagracht acu as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Fheidhmeannas, más cuí, go pras. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialaithe a bhaineann leo agus gur cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh a fheidhmiú na bpríomhrialaithe sin agus aon easnamh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar a bpróisis bhainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann iniúchóirí, idir inmheánacha agus seachtracha, agus bainistíocht sinsearach an Gharda Síochána atá freagrach as creat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Gharda Síochána ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Níor aithníodh aon locht maidir le rialú inmheánach airgeadais in 2017 a raibh, nó a mb'fhéidir go mbeidh, caillteanas ábhartha mar thoradh air.

**Dónall Ó Cualáin**

Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

An 29 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 20 An Garda Síochána

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

***Ag tuairisciú ar nilthe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn caibidil 7 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhíse poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 20 An Garda Síochána.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2018

# Vóta 20 An Garda Síochána
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,611,948 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 9,344 | | | |
| | *Forlíontach* | 58,100 | | | |
| | | | 1,679,392 | 1,668,540 | 1,570,562 |
| | **Ollchaiteachas** | | **1,679,392** | **1,668,540** | **1,570,562** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 106,002 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,900 | | | |
| | | | **119,902** | **123,251** | **123,894** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,505,946 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 9,344 | | | |
| | *Forlíontach* | 44,200 | | | |
| | | | **1,559,490** | **1,545,289** | **1,446,668** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 14,201,000 | 11,524,000 |
| Géilleadh iarchurtha | (8,907,000) | (9,344,000) |
| Barrachas le géilleadh | **5,294,000** | **2,180,000** |

**Dónall Ó Cualáin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

An 29 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 449,046 | 435,992 |
| Pá | | 1,075,793 | 979,500 |
| Neamhphá | | 143,701 | 155,070 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,668,540** | **1,570,562** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **123,251** | **123,894** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,545,289** | **1,446,668** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (19,026) | | |
| Dímheas | 19,214 | | |
| Airgead tirim ó dhiúscairtí | 32 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 65 | | |
| Coigeartú maidir le sócmhainní caipitil (nóta 2.2) | 2,676 | 2,961 | (18,296) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú sna fabhruithe deiridh | 6,469 | | |
| Méadú ar stoc | (675) | | |
| | | 5,794 | 3,654 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,554,044** | **1,432,026** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,687 | 21,432 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,575,731** | **1,453,458** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn an méid glanchaiteachais maidir le seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 20, a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 11 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 23 | — |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 17,569 | 17,034 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 3,030 | 2,688 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 2,108 | 2,605 |
| *Lúide* | | |
| Seirbhísí á soláthar ag an nGarda Síochána do Vótaí eile | (1,043) | (895) |
| | **21,687** | **21,432** |

**Seirbhísí eile**

Oibríonn An Garda Síochána i gcomhar le seirbhísí eile ar go leor bealaí. Ní chuirtear na costais a bhaineann leis an obair seo san áireamh sa tábla thuas. Is iad na seirbhísí sin:

- Cuireadh iompar Garda ar fáil gan táille do phearsanra Sheirbhís Príosúin na hÉireann le príosúnaigh a iompar chun na cúirte.
- Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.
- Bhain An Garda Síochána úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2017 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **69,841** | **73,145** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 30,730 | 34,041 |
| Stoic | 2.4 | 7,968 | 7,293 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 8,283 | 11,751 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,796 | 2,147 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 24,415 | 21,266 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **73,192** | **76,498** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 11,891 | 9,584 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 46,019 | 45,783 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.9 | 9,126 | 9,524 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **67,036** | **64,891** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,156** | **11,607** |
| **Glansócmhainní** | | **75,997** | **84,752** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **75,997** | **84,752** |

### 2.1 Cuntas cistithe an Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 84,752 | 70,110 |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,559,490 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (8,907) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (5,294) | | |
| Vóta glan | | | 1,545,289 | 1,446,668 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 21,687 | 21,432 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,575,731) | (1,453,458) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **75,997** | **84,752** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Aerárthach | Báid mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 18,637 | 1,060 | 73,417 | 177,692 | 6,137 | 16,329 | 293,272 |
| Breiseanna [a] | — | — | 6,778 | 7,077 | 468 | 4,360 | 18,683 |
| Diúscairtí | — | — | (8,230) | (253) | — | (2,676) | (11,159) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 18,637 | 1,060 | 71,965 | 184,516 | 6,605 | 18,013 | 300,796 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 12,639 | 1,015 | 47,421 | 154,646 | 4,406 | — | 220,127 |
| Dímheas don bhliain | 712 | 18 | 11,198 | 6,862 | 424 | — | 19,214 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (8,140) | (246) | — | — | (8,386) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 13,351 | 1,033 | 50,479 | 161,262 | 4,830 | — | 230,955 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **5,286** | **27** | **21,486** | **23,254** | **1,775** | **18,013** | **69,841** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 5,998 | 45 | 25,996 | 23,046 | 1,731 | 16,329 | 73,145 |

[a] Díscríobhadh €2,760,000 maidir le caiteachas Schengen réamh-2016. Féach Nóta 2.10.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 23,508 | 29,442 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 7,222 | 4,599 |
| | **30,730** | **34,041** |

Tá iarmhéid an chuntais bainc thráchtála de €7,222,099 i seilbh an Gharda Síochána i 123 cuntais óinchiste (2016: €4,598,811).

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 458 | 454 |
| Stoc teileachumarsáide | 1,501 | 969 |
| Éide | 2,504 | 2,801 |
| An Biúró Teicniúil | 154 | 128 |
| Stoc na Náisiún Aontaithe | 143 | 143 |
| Armlann | 2,709 | 2,141 |
| Ilghnéitheach | 499 | 657 |
| | **7,968** | **7,293** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

Is ionann réamhíocaíochtaí agus €8.3 milliún agus ina measc tá íocaíochtaí maidir le raidió náisiúnta digiteach de €2 milliún, íocaíochtaí ar acmhainní oilte TF (€6 milliún) agus caitheadh an t-iarmhéid de €283,000 trasna fo-cheannteideal eile.

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 4,631 | 4,158 |
| Óinchistí | 953 | 698 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 15,841 | 15,576 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 380 | 420 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 2,610 | 414 |
| | **24,415** | **21,266** |

## 2.7 Costais fhabhraithe

Bhí costais fhabhraithe €11.9 milliún ag deireadh na bliana, lena n-áirítear €0.6 milliún a bhain le ceannacháin chaipitil, €0.5 milliún le haghaidh trealaimh TFC, agus €0.1 milliún le haghaidh saintrealaimh. Chomh maith leis sin, áirítear leis na costais fhabhraithe €1.9 milliún do chostais taistil agus chothaithe, €1.6 milliún le haghaidh flít an Gharda Síochána a chothabháil agus a bhreoslú, €1.3 milliún do sheirbhísí stáisiúin, €1.2 milliún don chonradh seachfhoinsithe GoSafe, €1.2 milliún chun feithiclí a stóráil agus a tharraingt, €0.9 milliún le haghaidh éide agus €0.7 milliún do threalamh cumarsáide agus trealamh eile, agus tá an t-iarmhéid scaipthe trasna roinnt fo-cheannteideal eile.

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 21,567 | 22,268 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 8,856 | 9,309 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,310 | 2,223 |
| Cáin Bhreisluacha | 543 | 732 |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | — | 9 |
| Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 748 | 778 |
| Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 9 | 1 |
| Scéim Pinsin na Státseirbhíse | 183 | 67 |
| Iarmhéideanna chuntais rannóga na nGardaí | 6,022 | 4,599 |
| | 39,238 | 39,986 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 4,942 | 4,882 |
| Ciste Luaíochta an Gharda Síochána (nóta 5.4) | 420 | 392 |
| Míreanna creidmheasa eile atá ar fionraí | 1,419 | 523 |
| | **46,019** | **45,783** |

## 2.9 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 5,294 | 2,180 |
| Géilleadh iarchurtha | 8,907 | 9,344 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,075) | (2,000) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **9,126** | **9,524** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 30,730 | 34,041 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 24,415 | 21,266 |
| | 55,145 | 55,307 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (39,238) | (39,986) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (6,781) | (5,797) |
| | (46,019) | (45,783) |
| | **9,126** | **9,524** |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 69,556 | 93,434 |
| Tionscadail chaipitil | 41,509 | 83,240 |
| Iomlán de cheangaltais infhorfheidhmithe le dlí | **111,065** | **176,674** |

B'ionann na ceangaltais a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a sholáthar agus €69.6 milliún ag deireadh 2017. B'ionann an ceangaltas Go Safe agus €63.2 milliún arb é atá ann conradh a bheidh i bhfeidhm go dtí Lúnasa 2022. Áirítear leis na ceangaltais eile ceannachán éide €2.1 milliún, troscán €1.3 milliún, ceannacháin feithiclí €1.3 milliún agus ICT €0.8 milliún agus an t-iarmhéid trasna fo-cheannteideal eile.

**b) Ceangaltais mhórchaipitil**

| Tionscadail | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail i 2017 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail i 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ceanncheathrú Réigiúnach/Roinne | | | | | |
| • Gaillimh | 7,338 | 13,008 | 11,150 | 31,496 | 30,954 |
| • Shráid Chaoimhín | 17,105 | 14,702 | 2,650 | 34,457 | 33,558 |
| • Loch Garman | 13,217 | 11,821 | 1,500 | 26,538 | 26,217 |
| Forbairt chórais bogearraí: | | | | | |
| • Céimeanna 3a, 3b agus 5 MIMS[a] | 9,653 | 2,278 | 12,869 | 24,800 | 24,800 |
| • Schengen | 4,000 | 4,360 | 13,340 | 21,700 | 21,700 |
| | **51,313** | **46,169** | **41,509** | **138,991** | **137,229** |

**Athruithe suntasacha**

Cuireadh tús leis an tionscadal Schengen in 2006, ach cuireadh stop leis in 2008. Ag an am sin, caitheadh €2.76 milliún. Baineann na figiúirí atá léirithe thuas leis an dliteanas conartha a ndeachaigh isteach ann i 2016. Díscríobhadh an caiteachas €2.76 milliún maidir le Schengen i 2017. Léirítear an díscríobhú seo sna sócmhainní caipitil.

Gaillimh: Níor mhór oibreacha bhreise struchtúir a dhéanamh mar gheall ar leasuithe ar an ndearadh bunaidh. Ina theannta sin, bhí athruithe dearaidh eile chun riachtanais an Gharda Síochána a chomhlíonadh a mhéadaigh costais iomlán mheasta chomh maith le hathruithe a rinneadh le linn tógála idir an conraitheoir agus OOP.

Sráid Chaoimhín: De bharr drochthalaimh, bhí gá le pumpáil uisce agus oibreacha coincréite san íoslach a raibh costais eile agus moilleanna mar thoradh air. Chomh maith leis sin, rinneadh athruithe riachtanacha dearaidh le linn tógála idir an conraitheoir agus OOP.

Loch Garman: Cé nár thug OOP an cuntas deiridh go fóill, tá an tionscadal chun críche agus meastar go ndearnadh faoi bhun an bhuiséid é.

a *Major Investigations Management System,* nó Córas Bainistíochta Mórimscrúduithe

## Nóta 3 Caiteachas Cláir réir Fotheidil

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Léiríonn an nóta seo anailís ar chaiteachas riaracháin den Vóta agus achoimríonn sé na cúiseanna le haon athruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,024,630 | | | | |
| | *Forlíontach* | 50,489 | 1,075,119 | | 1,075,793 | 979,500 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,983 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,716 | 19,699 | | 20,025 | 18,567 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,706 | | | | |
| | *Forlíontach* | 8,964 | 21,670 | | 22,945 | 19,830 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,647 | | | | |
| | *Forlíontach* | (5,097) | 34,550 | | 35,770 | 40,630 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | *Bunaidh* | 36,812 | | | | |
| | *Forlíontach* | 5,973 | 42,785 | | 39,637 | 51,525 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Bunaidh* | 721 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,479 | 4,200 | | 4,301 | 3,818 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | 261 | | 366 | 327 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,700 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,800 | 21,500 | | 20,452 | 20,032 |
| ix | Cúltaca an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,395 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,095) | 300 | | 205 | 341 |
| | | | **1,220,084** | | **1,219,494** | **1,134,570** |

**Athruithe suntasacha**

*i Tuarastail, pánna agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €1.02 billiún, toradh: €1.07 billiún

Bhí barraíocht de €51.16 milliún maidir le caiteachas ar thuarastail, pánna agus liúntais mar gheall ar mhéadú €8 milliún ar phá agus liúntais agus méadú €43 milliún ar chostais ragoibre. Baineann an méadú ar riachtanas ragoibre go díreach leis na bearta a tógadh chun dul i ngleic le coireacht eagraithe (€18.2 milliún), lena n-áirítear bearta cosúil le Operation Thor (€9.4 milliún) agus Slándáil Phoirt (€3.4 milliún). Is toisc rannpháirteach freisin é an costas a bhaineann le Comhaontú na Cúirte Oibreachais maidir le Pá na nGardaí a chur i bhfeidhm.

*ii Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €15.98 milliún, toradh: €20.02 milliún

Bhí barraíocht de €4.04 milliún maidir le caiteachas ar thaisteal agus cothú de bharr oibríochtaí speisialta i dtaca le coireacht eagraithe agus oibríochtaí idirnáisiúnta slándála. Tharla an chuid is mó den chaiteachas sa Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath €4.4 milliún, Slándáil agus Faisnéis €2.8 milliún, Réigiún an Iarthair €2 milliún, Réigiún an Oirthir €2 milliún, Réigiún an Tuaiscirt €1.6 milliún, Oibríochtaí Speisialta €1.6 milliún, agus Réigiún an Deiscirt €1.4 milliún.

*iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €12.71 milliún, toradh: €22.95 milliún

Bhí barraíocht de €10.24 milliún maidir le caiteachas ar thraenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha de bharr costas a bhaineann le gníomhaíochtaí tráchta ar bhóithre, go háirithe tarraingt agus stóráil feithiclí €5 milliún, traenáil €1.9 milliún, agus áitreabh a fhruiliú €0.8 milliún agus an t-iarmhéid trasna fo-cheannteideal eile.

*vi Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána*

Soláthar mheastacháin: €0.72 milliún, toradh: €4.30 milliún

Bhí barraíocht de €3.58 milliún maidir le caiteachas ar chothabháil áitreabh an Gharda Síochána de bharr chothabháil leanúnach eastát an Gharda Síochána. Rinneadh oibreacha roghnacha ag an OPW a raibh costais €2.21 milliún ag baint leo, costais €1 milliún a bhaineann le stáisiúin a chothabháil, costais €420,000 a bhaineann le cothabháil gairdíní, sábháilteacht dóiteáin €130,000 agus cothabháil de raon arm tine €130,000.

*vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais*

Soláthar mheastacháin: €0.26 milliún, toradh: €0.37 milliún

Bhí barraíocht de €0.11 milliún maidir le caiteachas ar chomhairleoireacht de bharr costas maidir le géilleadh cánach a bhaineann le Coláiste an Gharda Síochána.

*ix Cúltaca an Gharda Síochána*

Soláthar mheastacháin: €1.40 milliún, toradh: €0.21 milliún

Sábháladh €1.19m ar chaiteachas ar Chúltaca an Gharda Síochána toisc gur thit líon na gcúltacaí (93) agus nár earcaíodh an líon a measadh. Tá baill de Chúltaca an Gharda Síochána I dteideal liúntas bliantiúil de €1,000 in aghaidh na bliana. Chun an liúntas seo a éileamh, áfach, ní mór do na chúltacaithe oibriú 208 uair ar a laghad thar thréimhse 12 mhí.

### Clár A Ag oibriú le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,024,630 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50,489 | 1,075,119 | 1,075,793 | 979,500 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 126,225 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18,740 | 144,965 | 143,701 | 155,070 |
| A.3 | Éide agus oiriúintí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,764 | | | |
| | | *Forlíontach* | (464) | 3,300 | 3,116 | 4,704 |
| A.4 | Cumann Lia-Chúnamh Naomh Pól an Gharda Síochána | | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,566 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,166) | 24,400 | 24,826 | 29,116 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,992 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,658 | 29,650 | 30,414 | 31,745 |
| A.7 | Aerárthach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | 650 | 1,700 | 1,437 | 1,607 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 333,392 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,500) | 329,892 | 326,749 | 319,272 |
| A.9 | Costais finnéithe | | | | | |
| | *Bunaidh* | | 1,805 | | | |
| | *Forlíontach* | | 200 | 2,005 | 1,963 | 1,675 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | | *Forlíontach* | (222) | 16,400 | 16,215 | 17,332 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,198 | | | |
| | | *Forlíontach* | (200) | 998 | 800 | 1,320 |
| A.12 | Clár caipitil tógála | | | | | |
| | *Bunaidh* | | 49,580 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | | 9,344 | | | |
| | *Forlíontach* | | (8,085) | 50,839 | 43,402 | 29,097 |
| | | | | **1,679,392** | **1,668,540** | **1,570,562** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €47.25 milliún níos airde ná mar a ndearnadh soláthar dó. Bhain €68.64 milliún le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin agus bhain an t-iarmhéid (€21.39 milliún) den chuid is mó leis na rudaí seo a leanas:

*A3 Éide agus oiriúintí*

Soláthar mheastacháin: €3.76 milliún, toradh: €3.11 milliún

Sábháladh €0.65 milliún ar chaiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin mar gheall ar am na gceannachán. Tháinig laghdú €0.3 milliún ar an stoc éadaigh mar gheall ar an gcóras ordaithe ar líne, rud a chuir leis an sábháil.

*A5 Iompar*

Soláthar mheastacháin: €26.57 milliún, toradh: €24.83 milliún

Sábháladh €1.74 milliún ar chaiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin toisc go raibh costais chothabhála agus reatha níos lú de bharr feabhsú ar an bpróifíl aoise. Mar gheall ar an bpróifíl aoise, tháinig laghdú €0.7 milliún ar chostais bhreosla agus €0.6 milliún ar chostais chothabhála. B'ionann an infheistíocht iomlán sa Fhlít Iompair in 2017 agus €5.65 milliún.

*A6 Cumarsáid agus trealamh eile*

Soláthar mheastacháin: €26.99 milliún, toradh: €30.41 milliún

Bhí barraíocht de €3.42 milliún maidir le caiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin mar gheall ar mhéadú ar chaiteachas i dtaca le sainréimse cosúil le Stórais d'Airm Thine €1.0 milliún, Aonaid Speisialtóra €0.9 milliún, Teileachumarsáid €0.6 milliún, An Biúró Teicniúil €0.2 milliún agus an t-iarmhéid i measc fo-cheannteidil eile.

*A7 Aerárthaí*

Soláthar mheastacháin: €1.05 milliún, toradh: €1.44 milliún

Bhí barraíocht de €0.39 milliún maidir le caiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin toisc go ndearnadh héileacaptar an Gharda Síochána a dheisiú (€0.25 milliún) agus a chothabháil agus cuimsíonn an tsuim infheistíocht bhreise chun faireachas agus córais eile an héileacaptair a uasghrádú (€0.14 milliún) chomh maith.

*A8 Aoisliúntas, srl.*

Soláthar mheastacháin: €333.39 milliún, toradh: €326.75 milliún

Sábháladh €6.64 milliún ar chaiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin toisc, go príomha, go bhfuil sé deacair réamhfhaisnéis a dhéanamh maidir leis an tsaincheist seo.

A9 Costais finnéithe

Soláthar mheastacháin: €1.8 milliún, toradh: €1.96 milliún

Bhí barraíocht de €0.16 milliún maidir le caiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin mar gheall ar mhéadú ar éileamh oibríochtúil. Is deacair caiteachas a thuar go cruinn toisc go mbraitheann caiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo ar éileamh.

*A10 Cúiteamh*

Soláthar mheastacháin: €16.62 milliún, toradh: €16.22 milliún

Sábháladh €0.4 milliún ar chaiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin toisc gur caitheadh níos lú maidir le cásanna faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh).

*A12 Clár caipitiúil tógála*

Soláthar mheastacháin: €58.92 milliún, toradh: €43.4 milliún

Sábháladh €15.52m ar chaiteachas i gcomparáid le soláthar meastacháin de bharr moilleanna ar na hoibreacha caipitil a bhaineann le dhá as trí de na tionscadail lena mbaineann an caiteachas seo. Bhí moilleanna ar na tionscadail ar Shráid Chaoimhín agus i nGaillimh. Tharla na moilleanna mar gheall ar oibreacha struchtúir a tháinig chun cinn le linn na tógála. Tá sé beartaithe go gcríochnófar na tionscadail i 2018.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | 12,278 | 11,797 | 11,962 |
| 2. | Ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána | | 21,528 | 22,296 | 21,669 |
| 3. | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | 14,000 | 15,010 | 12,149 |
| 4. | Fáltais ó bhainc i leith seirbhísí tionlacain airgid | | — | — | 1,273 |
| 5. | Táillí arm tine | | 3,600 | 3,923 | 10,578 |
| 6. | Ceamaraí sábháilteachta - fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | | 14,200 | 14,203 | 13,991 |
| 7. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach as luach saothair seirbhísí poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,396 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,900 | 54,296 | 56,022 | 52,272 |
| | | | **119,902** | **123,251** | **123,894** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí leithreasaí i gcabhair €17.25 milliún níos mó ná mar a tuaradh.

Déantar cur síos ar mhínithe ar athruithe thíos:

*3 Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €10 milliún, toradh: €15.01 milliún

Bhí barraíocht fáltas de €5.01 milliún mar gheall go raibh na fáltais ní ba mhó ná mar a tuaradh. Tharla sé seo mar is deacair fáltais a thuar go cruinn. Bhí barraíocht ann mar gheall, go príomha, ar fhorghéilleadh leis an Stát, íocaíochtaí ón OOP maidir le crainn an Gharda Síochána a bheith úsáidte ag tríú páirtithe, agus fáltais bhreise maidir le dualgais neamhphoiblí.

*5 Táillí arm tine*

Soláthar mheastacháin: €3.6 milliún, Toradh: €3.92 milliún

Bhí barraíocht de €0.32 milliún mar gheall ar líon ní ba mhó d'iarratais ar cheadúnais airm thine ná mar a rabhthas ag súil leis agus ó uainiú na bhfáltas.

*7 Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach as luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €44.39 milliún, toradh: €56.02 milliún

Bhí barraíocht de €11.63 milliún mar gheall ar mhéadú ar líon na nGardaí fónta agus mar gheall ar mhéadú ar ragobair chun díriú ar choireacht eagraithe ar leith a raibh asbhaint bhreise phinseanbhainteach de thoradh uirthi.

## 4.2 Anailís ar fháltais ilghnéitheacha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgais neamhphoiblí soláthraithe ag Gardaí | 4,998 | 5,218 |
| Aisghabháil maidir le damáiste a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda Síochána | 174 | 202 |
| Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstórais, maoin fhorghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 2,871 | 931 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus ar thimpistí | 710 | 740 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 52 | 54 |
| Costais finnéithe a aisghabháil | 7 | 7 |
| An céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais chun préimheanna árachais a bhailiú | 83 | 86 |
| Táillí ceadúnais tacsaí | 244 | 208 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - muirir sheasta maidir le cionta tiomána | 2,375 | 2,337 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 58 | 50 |
| Crainn an Gharda Síochána | 1,530 | 523 |
| Dliteanas iompróra | 666 | 716 |
| Cártaí aoise | 249 | 252 |
| Míreanna neamhrangaithe | 993 | 825 |
| | **15,010** | **12,149** |

## 4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 778 | 1,015 |
| Fáltais ó fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 3,073 | 3,650 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (3,103) | (3,887) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **748** | **778** |

## 4.4 Fáltais ó fhógraí muirir sheasta

B'ionann fáltais iomlána ó fhógraí muirir sheasta i 2017 agus €17.27 milliún (2016: €17.64 milliún). As seo, coinníodh €14.2 milliún (2016: €13.99 milliún) mar leithreasaí i gcabhair den Vóta. Íocadh iarmhéid na bhfáltas de €3.07 milliún (2016: €3.65 milliún) leis an Státchiste.

Laghdaíodh na fáltais i 2017 mar gheall ar laghdú ar líon na bhfógraí muirir sheasta a eisíodh maidir le braith luais neamh-idirghabhála.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon foirne

| | **2017** | ` | **2016** |
|---|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéiseacha lánaimseartha) | | | |
| Baill an Gharda | 13,551 | | 12,943 |
| Gardaí Mac Léinn | 420 | | 507 |
| Sibhialtaigh | 2,192 | | 1,999 |
| Cúltacairí an Gharda Síochána [a] | 589 | | 682 |
| | **16,752** | | **16,131** |

[a] Earcaítear cúltacaithe an Gharda Síochána trí phróiseas iarratais ar líne a bhainistítear ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá cúltacaithe an Gharda Síochána i dteideal liúntas bliantúil a fháil ar luach €1,000 in aghaidh na bliana. Chun an liúntas seo a éileamh, áfach, ní mór do na cúltacaithe 208 uair an chloig, ar a laghad, a dhéanamh thar thréimhse 12 mhí.

### 5.2 Pá

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 698,565 | 625,808 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 315 | 344 |
| Liúntais eile | 167,122 | 193,455 |
| Ragobair | 132,131 | 91,076 |
| ÁSPC an Fhostóra | 77,660 | 68,817 |
| **Pá iomlán** | **1,075,793** | **979,500** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is airde** | **Íocaíocht aonair is airde** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2017** | **2016** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 183 | 2 | 11,953 | 11,056 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 13,755 | 4,486 | 79,475 | 67,947 |
| Liúntais le haghaidh sealoibre uainchláir | 13,383 | 8,353 | 36,489 | 36,894 |
| Ilghnéitheach | 14,161 | 351 | 70,463 | 74,021 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 13,352 | 11,621 | 106,745 | 102,651 |

## 5.4 Ciste Luaíochta an Gharda Síochána

Is é cuspóir an Chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil le seirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha an Gharda Síochána.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 441 | 407 |
| Fáltais | 60 | 86 |
| Íocaíochtaí | (33) | (52) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **468** | **441** |

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €1,421,466 (804 cás) (2016: €1,313,072 i 857 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag 725,506 (389 chás).

Ba é luach na ró-íocaíochtaí pinsin ag deireadh na bliana ná €691,540 (301 cás) (2016: €498,684 (195 cás). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €335,330 (91 chás).

In 2017 díscríobhadh 5 ró-íocaíocht Garda a raibh luach €13,057 ag baint leo. Bhain ceann amháin le liúntas máithreachais nach bhfuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí €11,274. Baineann an t-iarmhéid leis an tréimhse ó 2009 go 2013.

## 5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh 23 státseirbhíseach a bhí ar scor, a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostú ar dhualgais éagsúla i 2017 ar chostas iomlán €109,367. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra atá éirithe as de réir Ailt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Tacaíocht do chumainn ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 tá suim iomlán €309,967 i dtaca le luach saothair do bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá do chumainn ionadaíochta foirne nó atá sannta d'eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais €58,000 an ceann le Cumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus le Cumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna €31,484 agus €149,703 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa leas astu.

## 6.2 Coimisiúnú agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach a fhad le 31 Nollaig 2017 | 2017 Toradh | 2016 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn[a] | 2014 | 288 | — | 81 |
| Coimisiún Imscrúdaithe O'Higgins | 2015 | 288 | 50 | 81 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Farrell | 2017 | 27 | 27 | — |
| An Binse um Nochtaí Cosanta[b] | 2017 | 790 | 790 | — |

[a] Tá Coimisiún Imscrúdaithe Rónáin Mhic Lochlainn críochnaithe anois.

[b] Baineann na costais maidir leis an mBinse um Nochtaí Cosanta le hionadaíocht dhlíthiúil thar ceann comhaltaí den Gharda Síochána atá ag obair faoi láthair nó atá éirithe as. Cuirtear costais an Bhinse san áireamh leis an vóta don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## 6.3 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí an Gharda, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 667 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána i 2017 (2016: 602). B'ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €1,288,618. Aisghabhadh cúiteamh iomlán €119,883.

## 6.4 Calaois agus calaois amhrasta

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Míleithreasú líomhnaithe airgid | 22 | 7 |

Tharla 38 cás inar braitheadh/ líomhnaíodh calaoise i 2017 atá á bhfiosrú ag an nGarda Síochána faoi láthair (2016: 27).

## 6.5 Cúiteamh agus costais dlí

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid an Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dhámhadh | Costais dlí a bronnadh | Costais eile a bronnadh [a] | 2017 Iomlán | 2016 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag baill agus fostaithe an Gharda Síochána**[b] | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945 | 137 | 5,941 | 2,020 | — | 7,961 | 6,353 |
| Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas ar dualgais [c] | 49 | 501 | 387 | 29 | 917 | 984 |
| Caingean dlí a ghlac baill den Gharda Síochána | 9 | 25 | 245 | 8 | 278 | 400 |
| **Éilimh shibhialta ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha a rinne Gardaí i bhfeidhmiú a ndualgais | 196 | 1,877 | 2,662 | 24 | 4,563 | 6,663 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda Síochána páirteach | 193 | 1,551 | 698 | 105 | 2,354 | 2,814 |
| | | **9,895** | **6,012** | **166** | **16,073** | **17,214** |

Ag 31 Nollaig 2017

- 1,523 éileamh faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) (2016: 1,432) fós le réiteach.
- Bhí 198 éileamh sibhialta a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2016: 178) fós le réiteach.
- 788 éileamh sibhialta seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána (2016: 1,423).

[a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora, táillí leighis etc

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €141,509 (2016: €112,969) de bhun na Scéime um Shochair Dhíobhálacha Ceirde a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní áirítear na híocaíochtaí seo sa tábla thuas.

[c] Féadtar íocaíochtaí páirteacha a áireamh leo seo i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.

## 6.6 Tabhairt anonn go 2018

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €8.907 milliún i leithdháileadh neamhchaite maidir le gnéithe chlár tógála caipitil fho-cheannteideal A.12 ar aghaidh go 2018.

## 6.7 Tionscadail AE

B´ann do thrí thionscadal a maoiníodh ag an AE i 2017. Seo a leanas na cistí a fuarthas le linn na bliana:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Siena d'Fhrithsceimhlitheoireacht | 1,037 | — |
| Ciste Slándála Inmheánaí | 578 | 1,109 |
| Broadmap | — | 93 |
| Pericles | 47 | — |
| Slándáil | — | 11 |
| Iomlán | **1,662** | **1,213** |

Is é cuspóir an chláir Siena d'Fhrithsceimhlitheoireacht (nó Siena for Counter Terrorism) nasc slán a chur ar bun idir gníomhaireachtaí frithsceimhlitheoireachta na mballstát. Éascóidh an nasc seo malartú sonraí rúnda. Is é An Garda Síochána comhordaitheoir an tionscadail do Phoblacht na hÉireann.

Is é aidhm na Ciste Slándála Inmheánaí bunú de straitéis slándála inmheánaí, comhobair maidir le bhforfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais a chur chun cinn. Díreoidh an Chiste ar dhá chuspóir ar leith ó 2014 go 2020:

- **Dul i ngleic le coireacht:** ag dul i ngleic le coireacht thrasteorann, coireacht thromchúiseach agus eagraithe lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, chomh maith le comhordú agus comhobair idir na húdaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ábhartha eile na stát AE a threisiú, lena n-áirítear EUROPOL agus údaráis ábhartha an AE, agus le eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus neamh-AE.
- **Rioscaí agus géarchéim a bhainistiú:** cumas stáit an AE agus an Aontais maidir le riosca agus géarchéim a bhaineann le slándáil a fheabhsú, agus ullmhúchán a dhéanamh maidir le daoine agus infreastruchtúr fíorthábhachtach a chosaint ar ionsaithe sceimhlitheoireachta agus teagmhais eile a bhaineann le slándáil.

Is tionscadal Eorpach é Pericles laistigh den chlár Horizon 2020. Is é cuspóir Pericles cur in aghaidh antoisceachas an fhoiréigin agus radacú, agus cosc a chur leo, agus tá béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí. Tá 14 páirtí Eorpacha sa chuibhreannas, lena n-áirítear 5 ghníomhaireachtaí náisiúnta póilíneachta. Tá an Garda Síochána ar cheann de na cúig ghníomhaireacht Eorpach um fhorfheidhmiú an dlí atá páirteach sa tionscadal.

Le linn na bliana faightear maoiniú ó CEPOL freisin. Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é CEPOL atá tiomanta d'fhorbairt, do chur i bhfeidhm agus do chomhordú oiliúna d'oifigigh fhorghníomhaithe dlí. I 2017, seachadadh clár oiliúna amháin, dar teideal 'Ionstraimí agus Córais Chomhoibrithe Phóilíneachta Eorpaí, d'oifigigh forghníomhaithe dlí in Éirinn. Thug CEPOL maoiniú de €66,135 don Gharda Síochána chun an cúrsa seo a reáchtáil.

## 6.8 Dliteanas teagmhasach

Tá baint ag an nGarda Síochána le roinnt imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh a bhféadfar go mbeidh dliteanais de thoradh orthu, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi méid fíorúil a d'fhéadfadh bheith ann maidir leis na dliteanais ná cathain a íocfar astu.

Tá comhairleoirí cánach fostaithe ag an nGarda Síochána chun tabhairt faoi athbhreithniú lena dheimhniú an eascraíonn aon dliteanais ó shochair áirithe agus tá aighneacht déanta aige leis na Coimisinéirí Ioncaim.